snasTV
NUACHT TG4

# *Kneecap*, aimsir na ngradam

Meánleibhéal 2 (B2)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin scannán *Kneecap* agus faoi scannáin eile atá ainmnithe do ghradaim. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna le chéile.

1. An bhfuil na scannáin *Kneecap*, *The Outrun* agus *Blitz* feicthe agat? Cliceáil ar theideal an scannáin chun an réamhbhlaiseadh a fheiceáil.
2. Mura bhfuil na scannáin thuas feicthe agat, an mbeadh dúil agat iontu, dar leat? Cén fáth?
3. Cad atá i gceist le IFTA, BAFTA agus *the Oscars*?
4. An bhfuil Oscar tuillte ag *Kneecap*, dar leat?
5. An bhfuil Oscar tuillte ag Saoirse Ronan, dar leat?
6. Cén tábhacht a bhaineann le gradaim den chineál sin, dar leat?





# B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

| | |
|---|---|
| a) *international fame* | |
| b) *nomination* | |
| c) *how they met* | |
| d) *hardly, barely* | |
| e) *incredible creativity* | |
| f) *broadcasting* | |
| g) *cinema (art form)* | |
| h) *storytelling* | |
| i) *watching* | |
| j) *shortlist* | |

2. Deir Áine Ní Ghallchóir 'rapaire' sa mhír ach cad é an leagan caighdeánach atá ar *rapper*?

______________________________________________________________________

3. An úsáideann tú féin an téarma ban-aisteoir? Cén fáth?

______________________________________________________________________

4. Conas a déarfá *good story-telling* as Gaeilge? (Nod: a mhalairt de 'droch-' atá i gceist.)

______________________________________________________________________



# C: TUISCINT

1. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus breacaigí síos na pointí eolais is tábhachtaí ón mír. Caithfidh sibh achoimre ghearr a scríobh ar an méid a dúradh. Bíodh na pointí eolais thíos san áireamh san achoimre:

| |
|---|
| ✓ Rapcheol *Kneecap*: |
| ✓ An scannán *Kneecap*: |
| ✓ Na hainmniúcháin atá faighte ag *Kneecap* go dtí seo: |
| ✓ An méid a deir Proinsias Ní Ghráinne faoin gcraoltóireacht trí mheán na Gaeilge: |
| ✓ An méid a deir Proinsias Ní Ghráinne faoi *Kneecap*: |
| ✓ An chúis ar luadh Saoirse Ronan sa mhír: |
| ✓ *Kneecap* agus na gradaim Oscar: |




2. Dún do chuid nótaí ar fad agus tabhair achoimre ó bhéal ar ábhar na míre don duine in aice leat. Ná féach ar aon nótaí!

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an aidiacht bhriathartha)

Líon na bearnaí sna habairtí thíos leis na haidiachtaí briathartha cuí de na briathra atá idir lúibíní.

a) Tá clú idirnáisiúnta (bain) _______________ amach ag *Kneecap*.
b) Tá an scannán (suigh) _______________ in iarthar Bhéal Feirste.
c) Tá *Kneecap* (ainmnigh) _______________ do shé BAFTA.
d) Ba cheart go mbeadh an obair (déan) _______________ amárach.
e) Dúirt siad go raibh an dán (foghlaim) _______________ acu de ghlanmheabhair.
f) An créatúr, tá a chroí (bris) _______________.
g) Níl na bronntanais (ceannaigh) _______________ agam go fóill.
h) Faoi dheireadh thiar thall, tá an aiste (scríobh) _______________ agam.

## 2: Saibhreas Teanga (an frása 'ar éigean')

Is frása an-úsáideach é 'ar éigean'. Aistrigh na habairtí thíos go Gaeilge. Cuir tús le gach abairt le 'Is ar éigean …'

| |
|---|
| a) *There's hardly anyone there.* |
| |
| b) *She was scarcely audible.* |
| |
| c) *I barely caught the bus.* |
| |
| d) *He barely earns €25,000 a year.* |
| |
| e) *We very nearly didn't succeed.* |
| |
| f) *I hardly eat meat these days.* |
| |
| g) *You hardly know me.* |
| |

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

a) Bí ag obair i ngrúpa. Caithfidh sibh teacht aníos le smaoineamh le haghaidh scannán Éireannach i nGaeilge. Smaoinígí ar bhur saol féin chun inspioráid a fháil. Ba cheart na pointí thíos a chur san áireamh:

- ✓ Teideal an scannáin
- ✓ Achoimre ar an bplota
- ✓ Na príomhcharachtair
- ✓ An chúis a mbeadh Oscar tuillte aige

b) Déanaigí cur i láthair gearr ar bhur scannán don rang

c) Bíodh vóta sa rang chun scannán amháin a roghnú a bheadh ar an ngearrliosta do na gradaim Oscar.



## 2: Scríobh

Scríobh postáil do na meáin shóisialta ag maíomh go bhfuil Oscar tuillte go mór ag bhur scannán. Caithfidh tú a bheith in ann a rá cén fáth a bhfuil an gradam tuillte ag an scannán.

# AN SCRIPT

**Áine Ní Ghallchóir**

Tá clú idirnáisiúnta bainte amach ag *Kneecap* lena rapcheol i nGaeilge, le blianta beaga anuas. Ach tá a gcéad scannán, dar teideal *Kneecap* fosta, ag fáil gradaim i ndiaidh gradaim agus ainmniúcháin do ghradaim i ndiaidh ainmniúcháin do ghradaim eile.

Tá an scannán, suite in iarthar Bhéal Feirste in 2019, faoin triúr rapálaithe[1]– Móglaí Bap, Mo Chara agus DJ Próvaí – agus an dóigh ar casadh ar a chéile iad.

**Móglaí Bap**

Is ar éigean a éisteann daoine le *hip-hop* na hÉireann, gan trácht ar *hip-hop* na hÉireann i nGaeilge.

**Áine Ní Ghallchóir**

Ainmniúcháin inné do sheacht IFTA[2] déag agus inniu tá siad ainmnithe do shé BAFTA[3].

**Proinsias Ní Ghráinne, Eagarthóir Coimisiúnaithe TG4**

Taispeánann sé go bhfuil cruthaíocht dhochreidte ag tarlú go domhanda trí mheán na Gaeilge. Tá daoine ag glacadh leis, nach dtuigeann Gaeilge, b'fhéidir, nár thuig polaitíocht an Tuaiscirt ach tuigeann siad go bhfuil fuinneamh, go bhfuil cruthaíocht agus go bhfuil dea-chraoltóireacht agus dea-scannánaíocht agus dea-scéalaíocht ar bun anseo ag *Kneecap*.

**Áine Ní Ghallchóir**

Ainmniúcháin d'Éireannach eile ná Saoirse Ronan leis na scannáin *Blitz* agus *The Outrun* agus í ainmnithe sa chatagóir don bhan-aisteoir is fearr sa scannán sin.

Beidh na BAFTAs ar siúl i lár na míosa seo chugainn, dhá lá i ndiaidh na IFTAs. Ach bí ag faire nach é sin deireadh le ré ghradaim *Kneecap* i mbliana, ná tá siad ar an ghearrliosta d'ainmniúcháin do na *Oscars* agus gheobhaidh muid amach ar an tseachtain seo chugainn an bhfuil siad ainmnithe.

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4, Béal Feirste

---

[1] 'rapaire' a dúradh sa mhír

[2] Acadamh Scannán agus Teilifíse na hÉireann (*Irish Film & Television Academy*)

[3] *British Academy of Film and Television Arts*

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna ar dtús sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| *international fame* | clú idirnáisiúnta |
| *nomination* | ainmniúchán |
| *how they met* | an dóigh ar casadh ar a chéile iad |
| *hardly, barely* | ar éigean |
| *incredible creativity* | cruthaíocht dhochreidte |
| *broadcasting* | craoltóireacht |
| *cinema (art form)* | scannánaíocht |
| *storytelling* | scéalaíocht |
| *watching* | ag faire |
| *shortlist* | gearrliosta |

2. Rapálaí.
3. Ciallaíonn 'aisteoir' *actor* agus é intuigthe gur fear atá ann. Tugtar *actress* ar 'bhan-aisteoir'. An cheist ná ar cheart go mbeadh an t-idirdhealú sin ann a thuilleadh? Ar cheart 'aisteoir' a úsáid chun gach duine a chur san áireamh?
4. Dea-chraoltóireacht.

## C: TUISCINT

Féach ar an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an aidiacht bhriathartha)

Freagraí:

a) Tá clú idirnáisiúnta **bainte** amach ag *Kneecap*.
b) Tá an scannán **suite** in iarthar Bhéal Feirste.
c) Tá *Kneecap* **ainmnithe** do shé BAFTA.
d) Ba cheart go mbeadh an obair **déanta** amárach.
e) Dúirt siad go raibh an dán **foghlamtha** acu de ghlanmheabhair.
f) An créatúr, tá a chroí **briste**.
g) Níl na bronntanais **ceannaithe** agam go fóill.
h) Faoi dheireadh thiar thall, tá an aiste **scríofa** agam.

### 2: Saibhreas Teanga (an frása ‘ar éigean’)

Freagraí:

| |
|---|
| *a) There's hardly anyone there.* |
| Is ar éigean atá aon duine ann. |
| *b) She was scarcely audible.* |
| Is ar éigean a d'fhéadfaí í a chloisteáil. |
| *c) I barely caught the bus.* |
| Is ar éigean a bhí mé in am don bhus. |
| *d) He barely earns €25,000 a year.* |
| Is ar éigean a shaothraíonn sé €25,000 in aghaidh na bliana. |
| *e) We very nearly didn’t succeed.* |
| Is ar éigean a d’éirigh linn. |
| *f) I hardly eat meat these days.* |
| Is ar éigean a ithim feoil na laethanta seo. |
| *g) You hardly know me.* |
| Is ar éigean atá aithne agat orm. |

## E. CUMARSÁID

### 1: Caint

Tabhair tamall maith cainte do na foghlaimeoirí chun plé a dhéanamh ar an gcineál scannáin a chruthóidh siad. Caithfidh gach grúpa creatlach dá scannán a chur i láthair an ranga agus caithfidh na foghlaimeoirí vóta a chaitheamh ar son an scannáin is fearr, is é sin an scannán a d’fhéadfadh a bheith ar an ngearrliosta do na gradaim Oscar.

### 2: Scríobh

Iarr orthu postáil ghearr a scríobh faoin scannán a chruthaigh siad agus ar an gcúis ar cheart dó a bheith ar ghearrliosta na ngradam Oscar.